*Uimhir* 33 *de* 2003

# An tAcht um Ola-Thruailliú na Farraige (Dliteanas Sibhialta agus Cúiteamh) (Leasú), 2003

[*An tiontú oifigiúil*]

*Uimhir* 33 *de* 2003

# AN tACHT UM OLA-THRUAILLIÚ NA FARRAIGE (DLITEANAS SIBHIALTA AGUS CÚITEAMH) (LEASÚ), 2003

[*An tiontú oifigiúil*]

RIAR NA nALT


Alt

1. Mínithe.
2. Feidhm.
3. Leasú ar alt 3 (léiriú) d'Acht 1988.
4. Leasú ar alt 10 (teorannú ar dhliteanas i leith damáiste ó thruailliú) d'Acht 1988.
5. Leasú ar alt 19 (tuairisceáin faoin méid ola a iompraítear de mhuir) d'Acht 1988.
6. Leasú ar Acht 1988 (an Ciste Forlíontach).
7. Leasú ar alt 21 (méid dhliteanas an Chiste) d'Acht 1988.
8. Leasú ar alt 22 (teorannú ar chaingne in aghaidh an Chiste agus an Chiste Fhorlíontaigh) d'Acht 1988.
9. Leasú ar alt 23 (damáiste ó thruailliú in dhá thír) d'Acht 1988.
10. Leasú ar alt 24 (éilimh ón Stát) d'Acht 1988.
11. Breithiúnas ó Bhallstát de na Comhphobail Eorpacha i ndáil leis an gCiste Forlíontach a aithint agus a fhorghníomhú.
12. Gearrtheideal, comhlua, forléiriú agus tosach feidhme.

## Na hAchtanna dá dTagraítear

| | |
|---|---|
| An tAcht um Ola-Thruailliú na Farraige (Dliteanas Sibhialta agus Cúiteamh) (Leasú), 1998 | 1998, Uimh. 13 |
| An tAcht um Ola-Thruailliú na Farraige (Dliteanas Sibhialta agus Cúiteamh), 1988 | 1988, Uimh. 11 |

*Uimhir* 33 *de* 2003

**AN tACHT UM OLA-THRUAILLIÚ NA FARRAIGE (DLITEANAS SIBHIALTA AGUS CÚITEAMH) (LEASÚ), 2003**

[*An tiontú oifigiúil*]

ACHT DO THABHAIRT ÉIFEACHT DON LEASÚ AR NA MÉIDEANNA TEORANNAITHE I bPRÓTACAL 1992 AG LEASÚ AN CHOINBHINSIÚIN IDIRNÁISIÚNTA AR DHLITEANAS SIBHIALTA I LEITH DAMÁISTE Ó OLA-THRUAILLIÚ, 1969, ARNA DHÉANAMH I LONDAIN AN 27 SAMHAIN 1992, AGUS DON LEASÚ AR NA TEORAINNEACHA CÚITIMH I bPRÓTACAL 1992 AG LEASÚ AN CHOINBHINSIÚIN IDIRNÁISIÚNTA AR BHUNÚ CISTE IDIRNÁISIÚNTA LE hAGHAIDH CÚITIMH AS DAMÁISTE Ó OLA-THRUAILLIÚ, 1971, ARNA DHÉANAMH I LONDAIN AN 27 SAMHAIN 1992, DO THABHAIRT ÉIFEACHT DO PHRÓTACAL 2003 A GHABHANN LEIS AN gCOINBHINSIÚN IDIRNÁISIÚNTA AR BHUNÚ CISTE IDIRNÁISIÚNTA LE hAGHAIDH CÚITIMH AS DAMÁISTE Ó OLA-THRUAILLIÚ, 1992, ARNA DHÉANAMH I LONDAIN AN 16 BEALTAINE 2003, AGUS, CHUN NA gCRÍOCH SIN, DO LEASÚ NA nACHTANNA UM OLA-THRUAILLIÚ NA FARRAIGE (DLITEANAS SIBHIALTA AGUS CÚITEAMH), 1988 GO 1998, AGUS DO DHÉANAMH SOCRÚ I dTAOBH NITHE COMHGHAOLMHARA. [29 *Deireadh Fómhair* 2003]

ACHTAÍTEAR AG AN OIREACHTAS MAR A LEANAS:

**1.—**San Acht seo— Mínithe.

ciallaíonn “Acht 1988” an tAcht um Ola-Thruailliú na Farraige (Dliteanas Sibhialta agus Cúiteamh), 1988;

ciallaíonn “Acht 1998” an tAcht um Ola-Thruailliú na Farraige (Dliteanas Sibhialta agus Cúiteamh) (Leasú), 1998;

ciallaíonn “Aire” an tAire Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Nádúrtha.

**2.—**(1) Tá feidhm ag *ailt 4* agus *7(1)* maidir le tarluithe a tharlaíonn ar thosach feidhme na n-alt sin nó dá éis. Feidhm.

(2) Chun críocha an Achta seo, meastar, maidir le tarlú arb é atá ann sraith teagmhas leis an mbunús céanna, gur tharla sé an tráth a tharla an chéad teagmhas de na teagmhais sin.

Leasú ar alt 3 (léiriú) d'Acht 1988.

**3.**—Leasaítear alt 3 (arna leasú le halt 3 d'Acht 1998) d'Acht 1988—

(*a*) tríd an míniú seo a leanas a chur isteach i bhfo-alt (1) i ndiaidh an mhínithe ar "méid comhiomlán an chúitimh":

"ciallaíonn 'Tionól an Chiste Fhorlíontaigh' an Tionól a shonraítear in Airteagal 16 den Phrótacal um Chiste Forlíontach;",

agus

(*b*) trí na mínithe seo a leanas a chur isteach i bhfo-alt (1) i ndiaidh an mhínithe ar "long":

"ciallaíonn 'Ciste Forlíontach' an Ciste Forlíontach Cúitimh Idirnáisiúnta um Ola-Thruailliú, 2003, arna bhunú leis an bPrótacal um Chiste Forlíontach;

ciallaíonn 'Prótacal um Chiste Forlíontach' Prótacal 2003 a ghabhann leis an gCoinbhinsiún Idirnáisiúnta ar bhunú Ciste Idirnáisiúnta le haghaidh Cúitimh as Damáiste ó Ola-Thruailliú, arna dhéanamh i Londain an 16 Bealtaine 2003;".

Leasú ar alt 10 (teorannú ar dhliteanas i leith damáiste ó thruailliú) d'Acht 1988.

**4.**—Leasaítear alt 10 (a cuireadh isteach le halt 6 d'Acht 1998) d'Acht 1988, i bhfo-alt (1)(*b*)—

(*a*) trí "4,510,000 aonad cuntais" a chur in ionad "3 mhilliún aonad cuntais" sa dá áit a bhfuil sé,

(*b*) trí "631 aonad cuntais" a chur in ionad "420 aonad cuntais", agus

(*c*) trí "89,770,000 aonad cuntais" a chur in ionad "59.7 milliún aonad cuntais".

Leasú ar alt 19 (tuairisceáin faoin méid ola a iompraítear de mhuir) d'Acht 1988.

**5.**—Leasaítear alt 19 (arna leasú le halt 9 d'Acht 1998) d'Acht 1988 tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fho-alt (4):

"(4) Aon duine—

(*a*) a mhainníonn na tuairisceáin a shonraítear i bhfo-alt (1) a chur faoi bhráid an Aire laistigh den tráth forordaithe,

(*b*) a chuireann tuairisceán bréige faoi bhráid an Aire,

(*c*) a mhainníonn an íocaíocht a shonraítear i bhfo-alt (2) a dhéanamh, nó

(*d*) a mhainníonn an íocaíocht a shonraítear in alt 19A(2) a dhéanamh,

tá sé ciontach i gcion.".

**6.—**Leasaítear Acht 1988 tríd an alt nua seo a leanas a chur isteach i ndiaidh alt 19:

Leasú ar Acht 1988 (an Ciste Forlíontach).

"An Ciste Forlíontach

19A.—(1) Beidh an Ciste Forlíontach ina chomhlacht corpraithe le comharbas suthain agus beidh cumhacht agartha aige agus beidh sé inagartha ina ainm corpraithe agus beidh cumhacht aige talamh nó leas i dtalamh a fháil, a shealbhú agus a dhiúscairt agus maoin eile a fháil, a shealbhú agus a dhiúscairt.

(2) Is é dualgas cibé daoine a bheidh forordaithe cibé suimeanna a chinnfidh Tionól an Chiste Fhorlíontaigh, agus a bheidh deimhnithe ag Stiúrthóir an Chiste Fhorlíontaigh, a íoc gach bliain isteach sa Chiste Forlíontach i cibé slí agus ar nó roimh cibé dáta a bheidh forordaithe, agus déanfar aon suim den sórt sin a chinneadh de réir na dtuairisceán a chuirfear faoi bhráid an Aire faoi alt 19(1) nó, i gcás go mainneoidh nó go bhfailleoidh an duine lena mbaineann an tuairisceán cuí a chur faoina bhráid ar nó roimh an dáta forordaithe, cibé suim a íoc leis an gCiste Forlíontach a ríomhfar ar mheastachán de thuairisceáin an duine sin le haghaidh na bliana sin.

(3) Má mhainníonn aon duine aon suim, a dhlífear a íoc agus is iníoctha faoi fho-alt (2), a íoc leis an gCiste Forlíontach, féadfaidh Stiúrthóir an Chiste Fhorlíontaigh an tsuim sin, mar aon le haon ús uirthi ón dáta a tháinig an tsuim sin chun bheith iníoctha, agus an t-ús sin a bheith de réir cibé ráta a chinnfear, ó am go ham, de réir Rialacháin Inmheánacha an Chiste Fhorlíontaigh, a ghnóthú ón duine a raibh sé iníoctha aige in aon chúirt dlínse inniúla mar fhiach conartha shimplí.".

**7.—**(1) Leasaítear alt 21 d'Acht 1988—

Leasú ar alt 21 (méid dhliteanas an Chiste) d'Acht 1988.

(*a*) i bhfo-alt (1) (a cuireadh isteach le halt 11(*a*) d'Acht 1998) trí "203,000,000 aonad cuntais" a chur in ionad "135 mhilliún aonad cuntais" sa dá áit a bhfuil sé,

(*b*) i bhfo-alt (2) (a cuireadh isteach le halt 11(*b*) d'Acht 1998)—

(i) trí "203,000,000 aonad cuntais" a chur in ionad "135 mhilliún aonad cuntais", agus

(ii) trí "300,740,000 aonad cuntais" a chur in ionad "200 milliún aonad cuntais".

(2) Déantar alt 21 d'Acht 1988 a leasú tuilleadh tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fho-ailt (3) go (5):

"(3) I gcás go dtabhóidh an Ciste dliteanas faoin Acht seo agus go rachfar thar an tsuim a shonraítear i bhfo-alt (1), beidh an Ciste

Forlíontach, faoi réir fho-alt (4), faoi dhliteanas i leith aon bhreise os cionn na suime sin.

(4) I gcás go dtabhóidh an Ciste Forlíontach dliteanas faoin Acht seo i leith damáiste ó thruailliú sa Stát, ní rachaidh méid comhiomlán an chúitimh is iníoctha i leith aon tarlaithe amháin thar 750,000,000 aonad cuntais.

(5) Más mó méid na n-éileamh suite in aghaidh an Chiste Fhorlíontaigh ná méid comhiomlán an chúitimh is iníoctha faoi fho-alt (4), déanfar an méid a bheidh ar fáil a dháileadh sa tslí go mbeidh an chomhréir idir aon éileamh cruthaithe agus méid an chúitimh a ghnóthóidh an t-éilitheoir iarbhír de bhua an Phrótacail um Chiste Forlíontach mar an gcéanna i gcás gach éilitheora.

(6) Más rud é, de bhun Airteagal 24 den Phrótacal um Chiste Forlíontach, go ndéanfar an méid a shonraítear i bhfo-alt (4) a leasú go cuí tríd an méid a mhéadú, ansin, féadfaidh an tAire, más deimhin leis gur méadaíodh an méid go cuí, ordú a dhéanamh lena dtabharfar feidhm dlí don mhéid méadaithe nua. Déanfaidh an tAire dáta a thiocfaidh méid comhiomlán méadaithe an chúitimh i ndáil leis an gCiste Forlíontach sa Stát i bhfeidhm a shonrú san ordú, ar dáta é nach luaithe ná an tráth a thiocfaidh sé i bhfeidhm go hidirnáisiúnta de réir an Phrótacail sin.

(7) Faoi réir fho-alt (1), gheobhaidh an Ciste le seachaíocht, maidir le haon mhéid cúitimh i leith damáiste ó thruailliú a d'íoc an Ciste faoin Acht seo, aon chearta a theachtfaidh an duine a cúitíodh amhlaidh faoin Acht seo in aghaidh úinéir na loinge nó an ráthóra.

(8) Faoi réir fho-alt (4), gheobhaidh an Ciste Forlíontach le seachaíocht, maidir le haon mhéid cúitimh i leith damáiste ó thruailliú a d'íoc an Ciste Forlíontach faoin Acht seo, aon chearta a theachtfaidh an duine a cúitíodh amhlaidh faoin Acht seo in aghaidh úinéir na loinge nó an ráthóra.

(9) San alt seo—

ciallaíonn 'méid comhiomlán an chúitimh', i ndáil le haon tarlú amháin, uasmhéid an chúitimh is iníoctha ag an gCiste nó ag an gCiste Forlíontach i leith damáiste ó thruailliú a thig as an tarlú, de bhua aon cheann amháin nó níos mó díobh seo a leanas a chur i bhfeidhm:

(*a*) an tAcht seo,

(*b*) dlí Tíre Coinbhinsiúin,

(*c*) an Coinbhinsiún ar an gCiste,

(*d*) an Ciste Forlíontach;

ciallaíonn 'méid cónasctha an chúitimh', i ndáil le haon tarlú amháin, an méid cúitimh a bheidh íoctha ag duine seachas an Ciste nó an Ciste Forlíontach, i leith damáiste ó thruailliú a thig as an tarlú, agus méid comhiomlán an chúitimh.".

**8.—**Leasaítear alt 22 (arna leasú le halt 12 d'Acht 1998) d'Acht 1988 trí "nó an Chiste Fhorlíontaigh" a chur isteach i ndiaidh "an Chiste" agus "nó don Chiste Forlíontach" a chur isteach i ndiaidh "don Chiste".

Leasú ar alt 22 (teorannú ar chaingne in aghaidh an Chiste agus an Chiste Fhorlíontaigh) d'Acht 1988.

**9.—**Leasaítear alt 23 (arna leasú le halt 13 d'Acht 1998) trí "nó an Ciste Forlíontach" a chur isteach i ndiaidh "Ciste".

Leasú ar alt 23 (damáiste ó thruailliú in dhá thír) d'Acht 1988.

**10.—**Leasaítear alt 24 d'Acht 1988 trí "nó an Chiste Fhorlíontaigh" a chur isteach i ndiaidh "an Chiste" i bhfo-alt (1).

Leasú ar alt 24 (éilimh ón Stát) d'Acht 1988.

**11.—**Leasaítear Acht 1988 tríd an gCuid nua seo a leanas a chur isteach i ndiaidh Chuid IV:

Breithiúnas ó Bhallstát de na Comhphobail Eorpacha i ndáil leis an gCiste Forlíontach a aithint agus a fhorghníomhú.

"CUID IVA

BREITHIÚNAS Ó BHALLSTÁT DE NA COMHPHOBAIL EORPACHA I nDÁIL LEIS AN gCISTE FORLÍONTACH A AITHINT AGUS A FHORGHNÍOMHÚ

Breithiúnas i ndáil leis an gCiste Forlíontach.

29A.—(1) Ní bheidh feidhm ag an gCuid seo ach amháin maidir le breithiúnas ó Bhallstát i ndáil leis an gCiste Forlíontach.

(2) Beidh feidhm ag an Rialachán ón gComhairle agus ag Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Breithiúnais Shibhialta agus Tráchtála), 2002 (I.R. Uimh. 52 de 2002) maidir le breithiúnas ó Bhallstát seachas cúirt nó binse de chuid críche de chuid Ballstáit nach bhfuil feidhm ag an Rialachán ón gComhairle maidir léi.

(3) Sa Chuid seo—

ciallaíonn 'Rialachán ón gComhairle' Rialachán (CE) Uimh. 44/2001 ón gComhairle an 22 Nollaig 2000 maidir le dlínse agus le haithint agus forghníomhú breithiúnas in ábhair shibhialta agus tráchtála[1];

ciallaíonn 'Ballstát' Ballstát de na Comhphobail Eorpacha, seachas an Stát agus an Danmhairg.".

**12.—**(1) Féadfar an tAcht um Ola-Thruailliú na Farraige (Dliteanas Sibhialta agus Cúiteamh) (Leasú), 2003 a ghairm den Acht seo.

Gearrtheideal, comhlua, forléiriú agus tosach feidhme.

(2) Féadfar na hAchtanna um Ola-Thruailliú na Farraige (Dliteanas Sibhialta agus Cúiteamh), 1988 go 2003 a ghairm de na hAchtanna um Ola-Thruailliú na Farraige (Dliteanas Sibhialta agus Cúiteamh), 1988 go 1998 agus den Acht seo le chéile, agus forléireofar le chéile iad mar aon Acht amháin.

[1]IO Uimh. L12 an 16.1.2001, lch 1.

(3) (*a*) Tiocfaidh *ailt 2*, *4*, agus *7(1)* agus, a mhéid a bhaineann sé leis na hailt sin, *alt 1* i ngníomh an 1 Samhain 2003.

(*b*) Faoi réir *mhír (a)*, tiocfaidh an tAcht seo i ngníomh cibé lá nó laethanta a cheapfaidh an tAire le hordú nó le horduithe i gcoitinne nó faoi threoir aon chríche nó forála áirithe agus féadfar laethanta éagsúla a cheapadh amhlaidh chun críoch éagsúil nó le haghaidh forálacha éagsúla.

BAILE ÁTHA CLIATH
ARNA FHOILSIÚ AG OIFIG AN tSOLÁTHAIR
Le ceannach díreach ó
FOILSEACHÁIN RIALTAIS,
BÓTHAR BHAILE UÍ BHEOLÁIN, CILL MHAIGHNEANN,
BAILE ÁTHA CLIATH 8, D08 XAO6.
Teil: 046 942 3100
r-phost: publications@opw.ie
nó trí aon díoltóir leabhar.

DUBLIN
PUBLISHED BY THE STATIONERY OFFICE
To be purchased from
GOVERNMENT PUBLICATIONS,
MOUNTSHANNON ROAD, KILMAINHAM,
DUBLIN, D08 XAO6.
Tel: 046 942 3100
Email: publications@opw.ie
or through any bookseller.

€1.27

9 781399 308748